# MIONTUAIRISCÍ AN tSÍNITHE
# DEN CHOINBHINSIÚN
# MAIDIR LE hAONTACHAS PHOBLACHT NA SEICE,
# PHOBLACHT NA hEASTÓINE, PHOBLACHT NA CIPIRE,
# PHOBLACHT NA LAITVIA, PHOBLACHT NA LIOTUÁINE,
# PHOBLACHT NA hUNGÁIRE, PHOBLACHT MHÁLTA,
# PHOBLACHT NA POLAINNE, PHOBLACHT NA SLÓIVÉINE
# AGUS PHOBLACHT NA SLÓVAICE LEIS AN gCOINBHINSIÚN
# MAIDIR LE CÁNACHAS DÚBAILTE A DHÍCHUR
# I nDÁIL LE BRABÚIS DE CHUID GNÓTHAS COMHLACHAITHE
# A CHOIGEARTÚ

Tá Lánchumhachtaigh Ríocht na Beilge, Phoblacht na Seice, Ríocht na Danmhairge, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, na Poblachta Heilléanaí, Ríocht na Spáinne, Phoblacht na Fraince, na hÉireann, Phoblacht na hIodáile, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Ard-Diúcacht Lucsamburg, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Ríocht na hÍsiltíre, Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Portaingéile, Phoblacht na Slóivéine, Phoblacht na Slóvaice, Phoblacht na Fionlainne, Ríocht na Sualainne agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann tar éis an Coinbhinsiún maidir le haontachas Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice leis an gCoinbhinsiún maidir le cánachas dúbailte a dhíchur i ndáil le brabúis de chuid gnóthas comhlachaithe a choigeartú a shíniú an 8 Nollaig 2004 sa Bhruiséil.

Ar an ócáid sin, tá siad tar éis aird a thabhairt ar na Dearbhuithe aontaobhacha seo a leanas:

I. Dearbhú maidir le hAirteagal 7 den Choinbhinsiún maidir le cánachas dúbailte a dhíchur i ndáil le brabúis de chuid gnóthas comhlachaithe a choigeartú

Dearbhú ón mBeilg, ó Phoblacht na Seice, ón Laitvia, ón Ungáir, ón bPolainn, ón bPortaingéil, ón tSlóvaic agus ón tSlóivéin maidir le hAirteagal 7 den Choinbhinsiún maidir le cánachas dúbailte a dhíchur i ndáil le brabúis de chuid gnóthas comhlachaithe a choigeartú

Dearbhaíonn an Bheilg, Poblacht na Seice, an Laitvia, an Ungáir, an Pholainn, an Phortaingéil, an tSlóvaic agus an tSlóivéin go gcuirfidh siad Airteagal 7(3) i bhfeidhm.

II. Dearbhuithe maidir le hAirteagal 8 den Choinbhinsiún maidir le cánachas dúbailte a dhíchur i ndáil le brabúis de chuid gnóthas comhlachaithe a choigeartú

1. Dearbhú ó Phoblacht na Cipire:

Folaíonn "pionós tromchúiseach" pionóis i dtaca le :

(a) ráiteas, tuairisceán, doiciméad nó dearbhú atá bréagach a dhéanamh nó a thíolacadh go calaoiseach nó go toiliúil i leith ioncaim nó i leith éileamh ar aon liúntais nó aon asbhaintí;

(b) cuntais bhréagacha a thíolacadh go calaoiseach nó go toiliúil;

(c) diúltú, mainneachtain nó failliú tuairisceán cánach a thíolacadh;

(d) diúltú, mainneachtain nó failliú taifid chearta a choimeád nó doiciméid agus taifid a chur ar fáil le haghaidh cigireachta;

(e) cabhrú nó cuidiú le duine nó é a chomhairliú, a ghríosú nó a aslú chun aon tuairisceán, dearbhú, éileamh, cuntais nó doiciméad atá bréagach go hábhartha a dhéanamh, a sheachadadh nó a sholáthar, nó chun aon chuntais nó doiciméid atá bréagach go hábhartha a choimeád nó a ullmhú.

Tá na forálacha reachtacha lena rialaítear na pionóis thuasluaite sna dlíthe um cháin a mheasúnú agus a bhailiú.

2. Dearbhú ó Phoblacht na Seice:

Is sárú ar dhlíthe cánach is inphionóis le "pionós tromchúiseach" gach sárú ar na dlíthe cánach is inphionóis le coinneáil nó le fíneálacha coiriúla nó riaracháin. Chun na gcríoch sin, ciallaíonn "sárú ar na dlíthe cánach":

(a) mainneachtain cánacha a ghearrtar, préimheanna árachais shóisialta, préimheanna árachais sláinte agus ranníocaíochtaí faoi chuimsiú an bheartais fostaíochta stáit,

(b) cáin nó íocaíocht chomhchosúil a imghabháil;

(c) mainneachtain sa dualgas fógra a thabhairt.

3. Dearbhú ó Phoblacht na hEastóine:

Léireofar "pionós tromchúiseach" mar phionóis choiriúla de bharr calaoise cánach de bhun dhlí náisiúnta na hEastóine (An Cód Coiriúil).

4. Dearbhú ón bPoblacht Heilléanach:

Déantar leis seo an méid seo a leanas a chur in ionad an tsainmhínithe ar phionós tromchúiseach a sholáthair an Phoblacht Heilléanach i 1990:

"Folaíonn "pionóis thromchúiseacha" pionóis riaracháin i leith sáruithe cánach tromchúiseacha mar aon le pionóis choiriúla i leith cionta a dhéantar i ndáil leis na dlíthe cánach i gcomhréir leis na forálacha ábhartha de Chód na Leabhar agus na dTaifead agus den Chód Cáinioncaim agus freisin na forálacha sonracha uile lena sainítear na pionóis riaracháin agus choiriúla sa dlí cánach."

5. Dearbhú ó Phoblacht na hUngáire:

Ciallaíonn "pionós tromchúiseach" pionóis choiriúla atá bunaithe i ndáil le cionta cánach coiriúla, nó pionóis chánach i ndáil le loiceadh cánach thar HUF 50 milliún.

6. Dearbhú ó Phoblacht na  Laitvia:

Ciallaíonn "pionóis thromchúiseacha" pionóis riaracháin i leith sáruithe cánach tromchúiseacha mar aon le pionóis choiriúla.

7. Dearbhú ó Phoblacht na Liotuáine:

Folaíonn "pionóis thromchúiseacha" pionóis choiriúla agus pionóis riaracháin ar nós pionós i leith easpa meoin mhacánta agus cur i gcoinne cigireachta cánach.

8. Dearbhú ó Phoblacht Mhálta:

Ciallaíonn "pionós tromchúiseach" pionós riaracháin nó coiriúil a ghearrtar ar dhuine a dhéanann go toiliúil, le hintinn cáin a imghabháil nó cuidiú le haon duine eile cáin a imghabháil:

(a) aon ioncam is cóir a bheith i dtuairisceán nó in aon doiciméad nó ráiteas eile a dhéantar, a ullmhaítear nó a thíolactar chun críocha na nAchtannna um Cháinioncam nó fúthu a fhágáil ar lár; nó

(b) aon ráiteas nó iontráil atá bréagach a chur in aon tuairisceán nó in aon doiciméad nó ráiteas eile a dhéantar, a ullmhaítear nó a thíolactar chun críocha na nAchtannna um Cháinioncam nó fúthu; nó

(c) freagra bréagach, i scríbhinn nó ó bhéal, a thabhairt ar aon cheist a chuirtear nó iarratas ar faisnéis a dhéantar i gcomhréir le forálacha na nAchtannna um Cháinioncam ; nó

(d) aon leabhar cuntas nó taifid eile atá bréagach a ullmhú nó a choinneáil nó an t-ullmhú sin nó an choinneáil sin a údarú, nó aon leabhar cuntas nó taifid a fhalsú nó an falsú sin a údarú; nó

(e) leas a bhaint as aon chalaois, cleas nó seift eile, nó an leas sin a údarú.

9. Dearbhú ó Ríocht na hÍsiltíre:

Déantar leis seo an méid seo a leanas a chur in ionad an tsainmhínithe ar phionós tromchúiseach a sholáthair Ríocht na hÍsiltíre i 1990:

"Ciallaíonn "pionós tromchúiseach" pionós a ghearr cúirt i leith cion a rinneadh d'aon ghnó agus atá liostaithe in Airteagal 68(2) nó in Airteagal 69(1) nó (2) den Dlí Ginearálta maidir le Cánacha"

10. Dearbhú ó Phoblacht na Portaingéile

Déantar leis seo an méid seo a leanas a chur in ionad an tsainmhínithe ar phionós tromchúiseach a sholáthair Poblacht na Portaingéile i 1990:

"Cuimsíonn "pionós tromchúiseach" pionóis choiriúla mar aon le pionóis riaracháin is infheidhme maidir le sáruithe cánach a shainmhínítear leis an dlí mar sháruithe tromchúiseacha nó a dhéantar le hintinn chalaoiseach."

11. Dearbhú ó Phoblacht na Polainne:

Ciallaíonn "pionós tromchúiseach" pionós fíneála, pionós príosúnachta nó an dá cheann á ngearradh i dteannta a chéile, nó pionós lena mbaineann cailleadh saoirse i leith sárú inmhilleáin do dhéanamh ag cáiníocóir ar forálacha dlí cánach.

12. Dearbhú ó Phoblacht na Slóivéine:

Ciallaíonn "pionós tromchúiseach" pionós i leith aon sáraithe ar an dlí cánach.

13. Dearbhú ó Phoblacht na Slóvaice:

Ciallaíonn "pionós tromchúiseach" "fíneáil" i leith sáraithe ar dhliteanas cánach a thuigtear mar mhuirear a ghearrtar de réir an Achta um Riarachán Cánach Uimh. 511/1992 den Chnuasach mar atá arna leasú, de réir na ndlíthe cánach ábhartha nó de réir an Achta um Chuntasóireacht agus ciallaíonn an téarma "pionós" pionós a ghearrtar de réir an Chóid Choiriúil i leith na gcúiseamh coiriúil a dhéantar i ndáil le sárú ar na dlíthe thuasluaite.